GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú an doiciméid aonair dá dtagraítear in Airteagal 94(1)(d), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na tagartha d'fhoilsiú na sonraíochta táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona

(2023/C 116/14)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart agóid a dhéanamh de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

"Terras da Beira"

PGI-PT-02355

Dáta cur i bhfeidhm: 22.3.2017

1. **Ainm atá le clárú**

Terras da Beira

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon/ar na fíonta**

1. *Fíon (geal, rosé agus dearg)*

Bíonn na fíonta geala trédhearcach gléineach, agus bíonn dath atá idir bánbhuí agus tuí buí orthu. Is dea-bholaithe torthaí citris bána trópaiceacha na príomh-dhea-bholaithe a bhíonn orthu; nuair a aosaítear iad i mbairillí bíonn dea-bholaithe torthaí aibí orthu. Bíonn blas torthaíoch, aigéadach agus úr acu orthu, chomh maith le blas mianraí.

Bíonn na fíonta rosé trédhearcach gléineach, agus bíonn dathanna idir dearg agus caordhearg go bándearg éadrom orthu. Bíonn dea-bholaithe orthu idir torthaí agus torthaí dearga. Bíonn blas torthaíoch, aigéadach agus úr acu orthu, chomh maith le blas mianraí.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Bíonn na fíonta dearga trédhearcach gléineach maille le himireacha geala go donnrua. Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga orthu. Bíonn blas torthaíoch, aigéadach agus úr acu orthu, chomh maith le blas mianraí.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	9,0
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíon súilíneach (fíon geal, rosé agus dearg)*

Bíonn idir dath súilíneach scothghlas bán aguso dath buí tuí ar an bhfíon geal súilíneach, agus bíonn sé trédhearcach agus mionsúilíní marthanacha ann. Is iad torthaí bána trópaiceacha a phríomh-dhea-bholaithe agus bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air mar aon le mionbhlasanna den aosú i gcás inarb infheidhme.

Bíonn dathanna atá idir caordhearg agus bándearg éadrom ar an bhfíon súilíneach rosé, agus bíonn súilíní marthanacha ann. Is iad torthaí dearga a phríomh-dhea-bholaithe agus bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air mar aon le mionbhlasanna den aosú i gcás inarb infheidhme.

Bíonn dath ar an bhfíon dearg súilíneach atá idir glédhearg agus dath an rúibín, bíonn sé trédhearcach agus bíonn súilíní marthanacha ann. Dea-bholaithe torthaí dearga a bhíonn air go príomha. Bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air mar aon le mionbhlasanna den aosú i gcás inarb infheidhme.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha uile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíon leathshúilíneach (fíon geal, dearg agus rosé)*

Bíonn dath atá idir scothghlas bán agus buí tuí ar an bhfíon geal leathshúilíneach, agus bíonn sé trédhearcach agus súilíní gearra ann. Is dea-bolaithe torthaí bána trópaiceacha a bhíonn air go príomha agus bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air.

Bíonn dathanna ar an bhfíon leathshúilíneach rosé atá idir caordhearg agus bándearg éadrom, agus bíonn sé trédhearcach agus bíonn súilíní gearra ann. Is dea-bholaithe torthaí dearga a bhíonn air go príomha agus bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air.

Bíonn dath ar an bhfíon dearg leathshúilíneach atá idir glédhearg agus dath níos éadroime, bíonn sé trédhearcach agus bíonn súilíní gearra ann. Is dea-bholaithe torthaí dearga a bhíonn air go príomha agus bíonn blas torthaíoch aigéadach úr air.

Comhlíonann na saintréithe uile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

a. *Cleachtais riachtanacha fhíoneolaíocha*

1. Fíon – neart alcóil nádúrtha de réir toirte – leibhéal íosta

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Fíon

Ní mór neart alcóil nádúrtha de réir toirte 9 % a bheith ag úrfhíon fíonta a bhféadfaí úsáid a bhaint as an tásc geografach “Terras da Beira” ina leith.

2. Teicníc fíonóireachta – fíonta rosé

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Fíon, fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach

Ní mór fíon rosé a tháirgeadh de réir an phróisis “gan chraicne” nó trí choipeadh “go gcraicne”.

3. Ithreacha agus modhanna fáis

Modhanna fáis

Fíon, fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach

Is iad cleachtais thraidisiúnta an réigiúin, nó na cleachtais a mholann an t-údarás deimhniúcháin ba cheart a bheith sna cleachtais fáis a úsáidtear i bhfíonghort atá beartaithe le haghaidh fíonta a tháirgeadh atá i dteideal an tásc geografach “Terras da Beira” a úsáid.

Maidir le crainn fíniúna atá beartaithe le haghaidh fíonta a tháirgeadh leis an tásc geografach “Terras da Beira”, ní mór iad a chur in ithreacha de na cineálacha seo a leanas:

— ithreacha húmasacha siosta litileacha agus ithreacha eibhir

— ithreacha litileacha eibhir

— ithreacha siosta donna agus dearga na Meánmhara.

b. *Táirgeacht uasta*

1. Fíon (fíon geal agus rosé), fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon (dearg)

85 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaítear an méid seo a leanas sa limistéar táirgeachta le haghaidh thásc geografach "Terras da Beira":

— na paróistí uile i ngach bardas i gceantar Castelo Branco;

— i gceantar Guarda, bardais Almeida, Celorico da Beira, Figueira de Castelo Rodrigo (cé is moite de pharóiste Escalhão), Guarda, Manteigas, Meda (cé is moite de pharóistí Fonte Longa, Longroiva, Meda agus Poço do Canto), Pinhel, Sabugal agus Trancoso.

7. **Príomhchineálacha fíonchaor**

Alfrocheiro — Tinta-Bastardinha

Alicante-Bouschet

Alicante-Branco

Alvar

Alvarelhão — Brancelho

Alvarinho

Aragonez — Tinta-Roriz; Tempranillo

Arinto — Pedernã

Arinto-do-Interior

Azal

Baga

Barcelo

Bastardo — Graciosa

Batoca — Alvaraça

Bical — Borrado-das-Moscas

Cabernet Franc

Cabernet-Sauvignon

Caladoc

Camarate

Campanario

Castelão — João-de-Santarém(1); Periquita

Cercial — Cercial-da-Bairrada

Chardonnay

Chasselas

Códega-do-Larinho

Durif — Petite-Syrah

Encruzado

Fernão-Pires — Maria-Gomes

Folgasão — Terrantez

Folha de Figueira — Dona-Branca

Fonte Cal

Gewürztraminer

Gouveio

Grand-Noir

Jaen — Mencía

Loureiro

Malvasia-Fina — Boal; Bual

Malvasia Fina Roxa

Malvasia Preta

Malvasia Rei

Marufo — Mourisco-Roxo

Merlot

Monvedro

Moreto

Moscatel-Galego-Branco — Muscat-à-Petits-Grains

Mourisco

Nebbiolo

Petit-Bouschet

Petit-Verdot

Pilongo

Pinot-Blanc

Pinot-Noir

Português-Azul — Blauer-Portugieser

Rabigato

Rabo-de-Ovelha

Riesling

Rufete — Tinta-Pinheira

Sangiovese

Sauvignon — Sauvignon-Blanc

Semillon

Sercial — Esgana-Cão

Sercialinho

Syrah — Shiraz

Síria — Roupeiro, Códega

Tamarez — Molinha

Terrantez

Tinta -Barroca

Tinta -Carvalha

Tinta-Francisca

Tinta-Negra — Mole, Saborinho

Tinto-Cão

Touriga-Franca

Touriga-Fêmea

Touriga-Nacional

Trincadeira — Tinta-Amarela, Trincadeira-Preta

Tália — Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano

Uva-Cão

Verdejo

Verdelho

Verdial-Branco

Vinhão — Sousão

Viognier

Viosinho

Vital

Água -Santa

8. **Tuairisc ar an nasc/na naisc**

Fíon, fíon súilíneach agus fíon leathshúilíneach

Tosca nádúrtha:

Is é tásc geografach "Terras da Beira", atá suite i lár/tuaisceart intíre na Portaingéile, an réigiún fíonsaothrúcháin is airde sa Phortaingéil, réigiún ina gcuirtear fíniúin idir 300 agus 750 méadar os cionn leibhéal na farraige. Is iad sléibhte Estrela, Gardunha, Açor, Marofa agus Malcata an ghné is suntasaí sa tírdhreach.

Tá abhantracha Côa agus Águeda le fáil i bhfad ó thuaidh in "Terras da Beira", agus i bhfad ó dheas tá abhantracha Zêzere agus Alto Tejo (Tagus uachtar).

Is de thionscnamh eibhreach an chuid is mó de na hithreacha, tá an chuid eile siosta den chuid is mó, agus tá roinnt síoga grianchloch eatarthu.

Tá aeráid an réigiúin an-gharbh, bíonn an teocht ann faoi bhun náid sa gheimhreadh agus bíonn sé an-te agus tirim le linn an tsamhraidh ann. Bíonn an mheánfhrasaíocht bhliantúil idir 400 agus 700 mm/m², ach tarlaíonn sé le linn mhíonna an gheimhridh agus an earraigh go príomha. Go hiondúil, fágann sé sin go mbíonn barraíocht uisce san ithir le linn na tréimhse sin. Ar an taobh eile, is annamh a bhíonn báisteach ann i rith an tsamhraidh. Is iad mí Iúil agus mí Lúnasa na míonna is tirime den bhliain, tráth a mbíonn meánbháisteach níos lú ná 10 mm/m² ann.

Tosca daonna:

Bhí an réigiún ollmhór sin den Phortaingéil ina chuid lárnach de Lusitania na Róimhe (25 RC) tráth den saol, agus ó shin i leith, tá dlúthbhaint aige le fíonghoirt agus táirgeadh fíona. Is iad na cantaoirí atá greanta in eibhear an cruthúnas soiléir go bhfuil an fíon an-tábhachtach don réigiún sin ó bhí aimsir na Rómhánach ann. Mar sin féin, ag tús an 12ú haois, ba iad manaigh mhainistir Santa Maria de Aguiar in Figueira de Castelo Rodrigo a rinne forbairtí an-suntasach ar an bhfíonóireacht.

Is féidir saintréithe na bhfíonta a chur i leith an réimse cineálacha fíonchaor a úsáidtear sa réigiún agus an fíoras go bhfuil siad oiriúnaithe don aeráid agus na hithreacha áitiúla, rud a léirítear sa saineolas a fuarthas thar na blianta mar aon leis an taithí a fuarthas le déanaí.

Baineann saintréithe sonracha na dtáirgí leis an limistéar geografach.

Bíonn na fíonta geala úr aramatach, agus bíonn aigéadacht agus mianracht shuntasach acu.

Bíonn blas torthaíoch ar na fíonta rosé, mar aon le mionbhlasanna mianracha aigéadacha úra.

Bíonn na fíonta dearga tathagach, úr, aigéadach aramatach, mar aon le mionbhlasanna mianracha agus dea-bholaithe torthaí dearga.

Bíonn blas torthaíoch aigéadach úr ar na fíonta súilíneacha, agus bíonn mionsúilíní marthanacha ann.

Bíonn blas torthaíoch úr aigéadach ar na fíonta leathshúilíneacha.

Nasc cúisíoch:

Bíonn saintréithe sainiúla ag na fíonta, is é sin mianracht, aigéadacht agus úire, mar thoradh ar an nasc idir tosca ithreach agus aeráide ar thaobh amháin agus cineálacha fíonchaor an réigiúin ar an taobh eile.

Bíonn mianracht shuntasach ag na fíonta, na fíonta leathshúilíneacha agus na fíonta súilíneacha mar gheall ar ithreacha eibhreacha an réigiúin.

Mar gheall ar thírdhreach sléibhtiúil an réigiúin, ní mór an fíonsaothrú a dhéanamh ar na sléibhte, agus cuirtear fíniúnacha ag airde shuntasach. Is moille an próiseas aibithe mar gheall air sin, próiseas atá tábhachtach d'fhorbairt na gcomhdhúl fíoneolaíoch agus na réamhtheachtaithe aramatacha a fhaightear sna fíonchaora. Mar thoradh air sin, bíonn na fíonta, na fíonta leathshúilíneacha agus na fíonta súilíneacha níos aramataí.

Ina dhiaidh sin, an éagsúlacht leathan maidir le teochtaí laethúla an tsamhraidh, nuair a bhíonn na laethanta te tirim agus na hoícheanta fionnuar, bíonn tionchar aici ar aibiú mall agus réidh na bhfíonchaora. Dá thoradh sin, bíonn cion siúcra nádúrtha níos ísle iontu agus cinntíonn sé sin leibhéal maith aigéadachta, rud a thugann d'fhíonta, d'fhíonta leathshúilíneacha agus d'fhíonta súilíneacha an réigiúin an úire is saintréith dóibh.

Is é an tosca daonna, is é sin na daoine a chaomhnaíonn traidisiúin atá ann leis na mílte bliain, rud a léirítear i rogha na gcineálacha is fearr atá curtha in oiriúint do dhálaí an limistéir gheografaigh, is é an tosca sin a imríonn tionchar cinntitheach ar tháirgeadh na bhfíonchaora, arb iad a thugann d'fhíonta, d'fhíonta leathshúilíneacha, agus d'fhíonta súilíneacha an réigiúin a saintréithe suntasacha.

9. **Coinníollacha breise riachtanacha**

Táirgeadh lasmuigh den limistéar geografach – maolú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Is ceadmhach fíonta a bhfuil tásc geografach "Terras da Beira" acu a tháirgeadh ó fhíonchaora a tháirgtear laistigh den limistéar geografach sin ach a phróiseáiltear lasmuigh de, más rud é go bhfuil an limistéar ina dtáirgtear na fíonta in aice leis an réigiún "Terras da Beira".

Fíonta uile thásc geografach "Terras da Beira"

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

— Lipéadú a fhormheas roimh ré. Ní mór na lipéid atá le húsáid ar tháirgí thásc geografach "Terras da Beira" a chur faoi bhráid an údaráis deimhniúcháin ar dtús lena bhformheas.

— Ní mór an trádmharc a bheith cláraithe leis an Institiúid náisiúnta um chearta an duine, ach ní bhaineann sé go heisiach leis an tásc geographach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ivv.gov.pt/np4/8616.html